

Torchair ceól Cloinne Cathail

[Seán Ua Súilleabháin and Seán Donnelly: “‘Music has ended’”: the death of a harper’, *Celtica* 22, 165-75]

Tadhg Olltach Ó’n Cháinte cecinit.

1 Torchair ceól Cloinne Cathoil,
rug orra éag anachoin,
teidhm bhus gomh síoruidhe so,
dol dá síodhuighe seanma.

2 Múisigtheach dorcha domhoin,
Conchubhar Mac Conghalaigh,
a gcúis gháire, a ngníomh doiligh,
re síol nDáire dealuighidh.

3 Ceól na gcuradh ó Chuan Dor,
mairg, a Dhé bhí, dár beanadh,
méar beóighlinn iúlmhur aithneach
ciúnglan ceóilbhinn cuartuightheach.

4 Dúsgadh leóin, losgadh anáidh,
ceól codoil crú Donnabháin,
a éag rob ghníomhradh ghoimhe,
béad ríoghbhan is ríoghraidhe.

5 Sliocht Dáire Cearb nár ceileadh,
uatha trá ní tuigfidhear,
labhra faoilte na bhfoghur;
damhna a gcaointe Conchubhur.

6 Ní shaoilid filidh náid fáidh,
ní mheasoid mná náid macáimh,
céim soirbhis ’na dhiaidh d’fthagháil,
liaigh doirbhis ó nDonnabháin.

7 Glac lúthbhras ionar lia gear,
Dallán Forgoill na bhfileadh,
glór búidh budh clisdi croidhe,
cise rúin na ríoghroidhe.

8 Taidhiúire a théad, tiún a chor
- mar tá a-niú is neamhthuar meanman -
lúth saor an ríghmheóir mhire,
fíghleóir caol ar gcruitire.

9 Dá mhéad do-gheibhinn dá ghrádh
ní bhraithinn choidhche im chompán

- an dallsa *nár* dhall croidhe -
acht barr *annsa* ar n-ionmhoine.

10 Déanomh aoibhnis ní heól damh
im thoirchim trá ná im dhúsgadh,
ar gclódh céille, ar gcás cumhadh,
bás mo chéile Conchubhar.

11 Méar lúthmhur bhár lia anáir,
croidhe dil Í Dhonnabháin,
fáidh amhra an *fhoilcheasa* fuinn,
damhna doirbhcheasa Domhnuill.

12 Cumhthach ar aoi a daltáin daill
inghean Eóghuin mheic *Dhomhnuill*,
is baoth *mar* oire a hosna,
saoth lem chroidhe an *Charrthachsa*.

13 Graifneadh múisigheach meóir bhrais,
uaigneach 'na dhiaidh dá dhíoghrais,
teagar coimseach rob *chaoin* cuir,
toirseach dá thaoibh a dtorchuir.